Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Feabhra 2022
(OR. en)

6634/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0044 (NLE)**

RECH 100
FEROE 1

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 64 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i cláir an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 64 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 64 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.2.2022
COM(2022) 64 final

2022/0044 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i cláir an Aontais**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Le hAirteagal 16 (1)(d) den Rialachán maidir le Fís Eorpach[1] a mhéid a bhaineann le comhlachas tríú tíortha leis an gclár, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht do thríú tíortha agus do chríocha dul i gcomhlachas, ar tríú tíortha agus críocha iad a chomhlíonann go comhpháirteach na critéir uile a leagtar amach ann. Glacfaidh tríú tíortha nó críocha den sórt sin páirt sa chlár Fís Eorpach ar bhonn comhaontú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír nó na críche in aon chlár de chuid an Aontais.

Ba sa bhliain 2010 a comhlachaíodh Oileáin Fharó leis an Seachtú Clár Réime go foirmiúil, agus fianaítear le raon tionscadal Eorpach rannpháirtíocht ghníomhach taighdeoirí agus institiúidí de chuid Oileáin Fharó i réimsí amhail an comhshaol, an aigéaneolaíocht, an t-athrú aeráide, éiceachórais agus bainistiú iascaigh. Le comhlachas Oileáin Fharó le Fís 2020 ó 2014 amach, tugadh rochtain iomlán do thaighdeoirí, d'institiúidí taighde agus d'fhiontair in Oileáin Fharó ar chistiú ón Aontas agus ar ghníomhaíochtaí comhair le haghaidh taighde agus nuálaíochta ar bhonn cothrom le heintitis ó Bhallstáit agus ó thríú tíortha eile a bhí comhlachaithe le Fís 2020 freisin. Tá an rannpháirtíocht seo an-tábhachtach anois do phobal taighde Oileáin Fharó, agus bunaítear léi colún rathúil nua atá tábhachtach don chaidreamh idir Oileáin Fharó agus an tAontas Eorpach. Toisc teorainn ama a bheith leis na comhaontuithe comhleantacha maidir leis an gcomhlachas le Cláir Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht, teorainn dar fad fhad gach cláir de chuid an Aontais ina dhiaidh sin, níl aon chomhaontú idirnáisiúnta i bhfeidhm faoi láthair lena rialaítear rannpháirtíocht eintitis Oileáin Fharó le Fís Eorpach nó lena gcothaítear comhar nuálaíochta, taighde agus eolaíoch idir an tAontas Eorpach agus pobail taighde Oileáin Fharó.

An 14 Bealtaine 2020, le Litir Intinne, léirigh Oileáin Fharó go bhfuil suim fhoirmiúil acu dul i gcomhlachas le Fís Eorpach. Comhlíonann Oileáin Fharó na critéir maidir le comhlachas tríú tíortha nó críoch leis an gClár Réime Fís Eorpach, mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Fís Eorpach (Airteagal 16(1)(d)). Tá, go háirithe, acmhainneacht mhaith eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta acu; tá siad tiomanta do gheilleagar margaidh oscailte bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear a bheith ag caitheamh ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla, cearta an duine a bheith á n-urramú acu, agus faoi choimirce institiúidí daonlathacha; agus tá beartais á gcur chun cinn acu lena gcuirtear feabhas ar dhea-bhail eacnamaíoch agus sóisialta na saoránach.

An 13 Iúil 2021, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, le hOileáin Fharó maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Fharó a mhéid a bhaineann leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais agus comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027). Cheap an Chomhairle an Mheitheal um Thaighde agus an Mheitheal um Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) chun gníomhú i gcáil na gcoistí speisialta d'fhonn cúnamh a thabhairt don Choimisiún le linn na caibidlíochta.

[1] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.).

An 3 Meán Fómhair 2021 a cuireadh tús leis an gcaibidlíocht agus tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil an 8 Deireadh Fómhair 2021 nuair a chuir ionadaithe na bPáirtithe a bheidh ann sa todhchaí inisealacha le téacs an dréacht-Chomhaontaithe. Coinníodh an Mheitheal um Thaighde agus an Mheitheal um CSTE den Chomhairle agus de Pharlaimint na hEorpa ar an eolas ar bhonn rialta le linn na caibidlíochta.

Dhá chuid atá sa Chomhaontú atá i gceangal leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, go háirithe an 'scáth-chomhaontú' maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais agus Prótacal maidir le comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) ('an Prótacal maidir le Fís Eorpach') i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a fuair an Coimisiún ón gComhairle.

Leis an 'scáth-chomhaontú' déantar coinníollacha comhlachais Oileáin Fharó is infheidhme i gcláir uile an Aontais a rialáil go cuimsitheach. Rialaítear leis an 'scáth-chomhaontú' na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, módúlachtaí chun rannpháirtíocht in aon chlár ar leith de chuid an Aontais nó comhlachas le haon chlár de chuid an Aontais a bhunú agus rannpháirtíocht Oileáin Fharó i rialachas Chláir nó ghníomhaíochtaí an Aontais, agus an prionsabal nach mbeidh aon chumhacht chinnteoireachta ann á léiriú. Tá rialacha mionsonraithe ann maidir le bunú ranníocaíocht airgeadais Oileáin Fharó le cláir an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sásra ceartúcháin uathoibríoch. Sa 'scáth-chomhaontú' tá rialacha cuimsitheacha le haghaidh chosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear cumhachtaí a fheidhmeoidh an Coimisiún, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chuige sin, mar aon le rialacha maidir le forghníomhú cinntí ón gCoimisiúin maidir le téarnamh agus breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chríoch Oileáin Fharó. Bunaítear leis freisin struchtúir institiúideacha, i.e. Comhchoiste a bhfuil sé de chúram aige, *inter alia*, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an comhar faoin gComhaontú seo a fheabhsú agus a fhorbairt.

Tá an 'scáth-chomhaontú' beartaithe chun creat dlíthiúil marthanach le haghaidh comhair idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Fharó i ndáil le cláir an Aontais Eorpaigh a chruthú. Meastar go bhfanfaidh sé i bhfeidhm le haghaidh roinnt Creataí Airgeadais Ilbhliantúla de chuid an Aontais Eorpaigh, faoi mar a fhanfaidh sé i bhfeidhm le haghaidh an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe nó na gcomhaontuithe réime le tíortha is iarrthóirí nó tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le tíortha Chomhpháirtíocht Chomharsanachta na hEorpa maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir an Aontais Eorpaigh. I dtaca le Prótacail a bheidh ann amach anseo maidir le comhlachas Oileáin Fharó le gach clár sonrach de chuid an Aontais, d'fhéadfaí iad a chur leis an 'scáth-chomhaontú' seo sa todhchaí, dá mbeadh Cláir den sórt sin oscailte le haghaidh rannpháirtíocht Oileáin Fharó faoi bhunghníomhartha an Aontais Eorpaigh lena mbunaítear gach Clár ábhartha, dá mba é sin mian pholaitiúil an dá Pháirtí, agus tar éis na nósanna imeachta inmheánacha riachtanacha. Beidh teorainn ama le fad na bPrótacal maidir le cur chun feidhme aon chláir ar leith de chuid an Aontais.

Moltar go nglacfar na Prótacail trí bhíthin cinntí ón gComhchoiste, a bhunófar leis an gcomhaontú seo. Na heilimintí fíor-riachtanacha uile a bhaineann le comhar idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Fharó i gcláir an Aontais Eorpaigh, rialáiltear go cuimsitheach iad sa 'scáth-chomhaontú'. Le hAirteagal 3(4) den Chomhaontú tá an t-ábhar sna Prótacail a bheidh

ann amach anseo teoranta do na nithe seo a leanas: clár nó gníomhaíocht ábhartha an Aontais, nó cuid de, a shainaithint; fad an chomhlachais a leagan síos; ábhair atá clárshonrach agus nach rialáiltear leis an 'scáth-chomhaontú' a rialáil; agus – i gcásanna sonracha ina gcuirtear chun feidhme clár an Aontais trí ionstraim airgeadais nó trí ráthaíocht bhuiséadach - lena leagtar síos méid ranníocaíocht Oileáin Fharó le clár an Aontais den sórt sin.

Ar bhonn eisceachtúil, ní ghlacfaidh an Comhchoiste an chéad Phrótacal den sórt sin maidir le comhlachas Fís Eorpach, ach rinneadh é a chaibidliú i gcomhthreo leis an 'scáth-chomhaontú', agus é ina chuid dhílis de, agus meastar go dtabharfar i gcrích é agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i dteannta an 'scáth-chomhaontaithe'. D'údaraigh an Chomhairle an modh oibre sin sna treoracha caibidlíochta. Bhí gá leis chun comhlachas Oileáin Fharó leis an gClár Fís Eorpach a bhaint amach ó thús an Chláir agus chun comhar leanúnach idir an tAontas Eorpach agus pobail taighde Oileáin Fharó a áirithiú. Chuige sin, tá cur i bhfeidhm sealadach in éineacht le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Chomhaontaithe iomláin ón 1 Eanáir 2021 (i.e. 'an scáth-chomhaontú' lena n-áirítear a Phrótacal maidir le Fís Eorpach) á moladh anois.

I gcás na dtéarmaí agus na gcoinníollacha clárshonracha lena bhforáiltear maidir le comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach, déantar foráil leo maidir le comhlachas le gach cuid den Chlár, seachas an clár sonrach maidir le taighde cosanta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/697[2]. Áiritheofar leis seo leanúnachas leis an gcomhlachas iomlán le Fís 2020 roimhe seo agus leis an Seachtú Clár Réime a bhí ann roimhe seo. Measúnaíodh gur chun tairbhe an dá Pháirtí an rannpháirtíocht seo, lena ngabhann breisluach ar leith i réimsí téamacha amhail an comhshaol, sláinte agus bia, chomh maith le taighde ar an aigéan.

Rinne Oileáin Fharó glan-ranníocaíocht shuntasach leis an dá Chlár Réime a bhí ann roimhe seo. Leagtar amach sa chomhaontú nua atá beartaithe coinníollacha cothroma agus córa maidir le ranníocaíocht airgeadais Oileáin Fharó le Fís Eorpach. Leis an 'scáth-chomhaontú' déantar foráil in Airteagal 6(6) maidir leis an bhféidearthacht i ndáil le cur i bhfeidhm comhéifeachta agus leis an 'scáth-chomhaontú', in Airteagal 7 agus 8 faoi seach, rialáiltear an sásra coigeartaithe agus an sásra ceartúcháin i ndáil le Cláir i gcás ina bhfuil na sásraí sin infheidhme, mar is amhlaidh i leith Fís Eorpach. Leis an bPrótacal maidir le Fís Eorpach, in Iarscríbhinn I de, déantar an sceideal íocaíochta, leibhéal na comhéifeachta is infheidhme maidir le ranníocaíocht airgeadais Oileáin Fharó agus na sonraí teicniúla maidir le feidhmiú an tsásra ceartúcháin a rialáil a thuilleadh.

Leis an bPrótacal maidir le Fís Eorpach, cuirtear leis an taithí ó Fhís 2020 agus ón Seachtú Clár Réime agus, mar is amhlaidh sa chomhaontú comhlachais roimhe seo, áirítear ann clásal cómhalartachta lena n-áirithítear go mbeidh, a mhéid is féidir, rochtain ag taighdeoirí agus ag eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas chun páirt a ghlacadh i gcláir thaighde agus nuálaíochta Oileáin Fharó atá coibhéiseach le Fís Eorpach, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i reachtaíocht intíre Oileáin Fharó. In Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal tá liosta de chláir Oileáin Fharó atá oscailte le haghaidh rannpháirtíocht ó eintitis taighde atá bunaithe san Aontas Eorpach.

Tá an dréacht-Chomhaontú atá ceangailte leis an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle.

[2] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Tá an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 186 agus ar Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leagtar amach sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a chuirtear i láthair leis an gcinneadh seo na himpleachtaí táscacha buiséadacha.

I bhfianaise a bhfuil thuas, molann an Coimisiún don Chomhairle

- cinneadh a dhéanamh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais;

- údarú a thabhairt d'idirbheartaí an Chomhaontaithe an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Fharó maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais a shíniú thar ceann an Aontais, agus an fógra a cheanglaítear faoi Airteagal 15(2) den Chomhaontú seo a chur isteach, rud a thabharfaidh le fios go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha is gá le haghaidh chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe sin curtha i gcrích ag an Aontas.

2022/0044 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i cláir an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186 i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh clár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), le Rialachán (AE) 2021/695[3] (dá ngairtear 'an Clár Fís Eorpach' anseo feasta).

(2) De bhun Airteagal 16(1)(d) de Rialachán (AE) 2021/695, tá an Clár Fís Eorpach oscailte le haghaidh comhlachas tríú tíortha agus críoch a chomhlíonann go comhpháirteach na critéir a shonraítear ann.

(3) De bhun Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2021/695, ceanglaítear le comhlachas tíortha agus críoch den sórt sin leis an gClár Fís Eorpach comhaontú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht tíre nó críche den sórt sin le haon Chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll go n-áirithítear leis an gcomhaontú cothromaíocht chóir idir ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais; go leagtar síos leis coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair agus a gcostais riaracháin, nach dtugtar leis aon chumhacht chinnteoireachta don tríú tír i ndáil leis an gClár de chuid an Aontais, go ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(4) I litir dar dáta an 14 Bealtaine 2020, léirigh Oileáin Fharó a suim fhoirmiúil chun bheith comhlachaithe leis an gClár Fís Eorpach.

(5) An 13 Iúil 2021, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais agus comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).

---

[3] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.).

(6) Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú an 8 Deireadh Fómhair 2021.

(7) Leagtar amach sa Chomhaontú téarmaí agus coinníollacha chomhlachas Oileáin Fharó le cláir an Aontais. De bhun Airteagal 3 den Chomhaontú tá an comhlachas le cláir an Aontais faoi réir ghlacadh na bPrótacal.

(8) I gcomhréir leis an údarú ón gComhairle, rinneadh an Prótacal maidir le comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus is cuid dhílis den Chomhaontú é.

(9) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a chur i gcrích ar dháta níos déanaí.

(10) D'fhonn comhar leanúnach idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Fharó i réimse an taighde, na forbartha teicneolaíochta agus na nuálaíochta a áirithiú agus d'fhonn rannpháirtíocht Oileáin Fharó leis an gClár Fís Eorpach a cheadú ón uair a chuirfear tús leis, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i cláir an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a chumhachtófar chun an Comhaontú a shíniú.

*Airteagal 3*

Go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 15(2) ann faoi réir na bhfógraí dá bhforáiltear ann.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm [ar dháta a ghlactha].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. AINM AN TOGRA:

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas Oileáin Fharó, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i cláir an Aontais**

### 2. LÍNTE BUISÉID:

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): 6 0 1 0 — Fís Eorpach — Ioncam sannta

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann:

*(i gcás ioncaim shannta amháin):*

Sannfar na hioncaim don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

Airteagal iomlán 01.0101 (01.010101, 01.010102, 01.010103, 01.010111, 01.010112, 01.010113, 01.010171, 01.010172, 01.010173, 01.010174, 01.010176)

Caibidil iomlán 01.02 (01.020101, 01.020102, 01.020103, 01.020210, 01.020211, 01.020212, 01.020220, 01.020230, 01.020231, 01.020240, 01.020241, 01.020242, 01.020243, 01.020250, 01.020251, 01.020252, 01.020253, 01.020254, 01.020260, 01.020261, 01.020270, 01.020301, 01.020302, 01.020303, 01.020401, 01.020402)

Líne bhuiséid 20.XX Caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh

### 3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☑ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam[4][5] | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb *(más infheidhme)* | Bliain N |
|---|---|---|---|
| 6 0 1 0 | *7,8* | 84 mhí dár tús 01/01/2021 | 1,1 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 6 0 1 0 | 1,1 | 1,1 | 1,2 | 1,1 | 1,1 | 1,1 | 1,2 |

*(I gcás ioncaim shannta amháin, ar choinníoll gurb eol an líne bhuiséid cheana):*

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne chaiteachais[6] | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| Airteagal 01.0101 agus caibidil 01.02 | 1,1 | 1,1 | 1,1 | 1,0 | 1,1 | 1,1 | 1,1 |
| 20.XX | 0,005 | 0,011 | 0,017 | 0,021 | 0,026 | 0,032 | 0,046 |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ceanglaítear ar an gCoimisiún calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Dá bhrí sin, is oibleagáid ghinearálta ar Sheirbhísí uile an Choimisiúin, faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí laethúla a bhaineann le húsáid acmhainní, an chalaois a chosc agus a bhrath. Tá tionchar diúltach ar leith ag an gcalaois a bhaineann le cistí an Aontais ar chlú an Choimisiúin agus ar chur chun feidhme bheartais an Aontais

4 Is gá gur meastachán, atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 5, iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n-íoctar an méid bliantúil gan laghdú nó *pro rata*.

5 I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

6 Nach bhfuil le húsáid ach amháin más gá.

Glacadh Straitéis Frithchalaoise reatha an Choimisiúin (COM(2019)196) an 29 Aibreán 2019, chun Straitéis 2011 a ionadú. Is doiciméad beartais é lena leagtar amach tosaíochtaí an Choimisiúin sa chomhrac in aghaidh na calaoise i bhfianaise an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Is iad príomhchuspóirí Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019 1) 'tuilleadh feabhais a chur ar an tuiscint ar phatrúin chalaoise, ar phróifílí calaoiseoirí agus ar leochaileachtaí sistéamacha a bhaineann le calaois a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais' (bailiú agus anailísiú sonraí), agus 2) 'barrfheabhas a chur ar an gcomhordú, ar an gcomhar agus ar na sreafaí oibre le haghaidh an chomhraic in aghaidh na calaoise, go háirithe i measc sheirbhísí agus ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin' (comhordú, comhar agus próisis). Tá plean gníomhaíochta 63 phointe ag gabháil leis an straitéis, a bhfuil sé beartaithe, i bprionsabal, é a chur chun feidhme ina iomláine faoi dheireadh 2021.

Is iad seo a leanas treoirphrionsabail agus sprioc-chaighdeáin Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019:

- neamhfhulaingt ar an gcalaois;
- comhrac in aghaidh na calaoise mar chuid dhílis de rialú inmheánach;
- cost-éifeachtúlacht na rialuithe;
- ionracas agus inniúlacht ghairmiúil fhoireann an Aontais;
- trédhearcacht maidir leis an mbealach a n-úsáidtear cistí ón Aontas;
- cosc calaoise, go háirithe seiceálacha a dhéanamh ar chláir chaiteachais ó thaobh cosanta calaoise de;
- acmhainneacht maidir le himscrúdú éifeachtach agus malartú tráthúil faisnéise;
- ceartú pras (lena n-áirítear cistí a ndearnadh calaois orthu agus smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin a aisghabháil);
- dea-chomhar idir gníomhaithe inmheánacha agus seachtracha, go háirithe idir an tAontas Eorpach agus údaráis náisiúnta atá freagrach, agus i measc ranna institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais lena mbaineann;
- cumarsáid inmheánach agus sheachtrach atá éifeachtach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise.

In Airteagail 9– 12 den Chomhaontú, tá forálacha mionsonraithe maidir le bearta frithchalaoise. Beidh na bearta sin infheidhme go cothrománach chun a áirithiú go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh ar fud chláir nó ghníomhaíochtaí an Aontais a chumhdófar sna Prótacail a bheidh ann amach anseo a d'fhéadfadh an Comhchoiste a ghlacadh faoin gComhaontú chun Oileáin Fharó a chomhlachú le roinnt clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais. Tá siad infheidhme freisin maidir le comhlachas Oileáin Fharó leis an gClár Fís Eorpach a chumhdaítear leis an bPrótacal maidir le comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a rinneadh a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus ar cuid dhílis de é.

Leis na forálacha thuasluaite (Airteagail 9– 12 den Chomhaontú), déantar foráil, go háirithe, maidir leis na mionsonraí agus na próisis is gá agus cuirtear ar chumas na gcomhlachtaí a choimircíonn leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh (an Coimisiún, lena n-áirítear OLAF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus OIPE) tascanna a fheidhmiú gan laincis orthu. Le linn chur chun feidhme na gClár nó na

ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le Prótacail an Chomhaontaithe, tá an prionsabal mar an gcéanna: tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur.

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas oibriú i gcomhar go hiomlán maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Mar a fhoráiltear go sainráite in Airteagal 9(4) den Chomhaontú, féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí a dhéanamh freisin tar éis chur i bhfeidhm an Phrótacail a chur ar fionraí, tar éis scor an chur i bhfeidhm nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

Áirithítear leis an gComhaontú gur féidir leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair ar chríoch Oileáin Fharó, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Leis an gComhaontú, cuirtear oibleagáid ar údaráis Oileáin Fharó oibriú i gcomhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ionas go mbeidh siad in ann a ndualgas a chomhlíonadh maidir le déantóirí cionta coiriúla, agus a gcomhchoirithe, i gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil.

Thairis sin, déantar foráil sa Chomhaontú maidir le sásra éifeachtach chun forfheidhmiú cinntí ón gCoimisiún agus breithiúnas agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le héilimh a eascraíonn as an gClár a áirithiú ar chríoch Oileáin Fharó.

## 5. BARÚLACHA EILE

Is in Airteagal 6, 7 agus 8 den Chomhaontú a shainmhínítear modh ríofa ranníocaíocht airgeadais Oileáin Fharó i gclár an Aontais Eorpaigh. I gcás ranníocaíocht airgeadais Oileáin Fharó leis an gClár Fís Eorpach, leagtar síos tuilleadh mionsonraí teicniúla maidir le cur i bhfeidhm an tsásra coigeartaithe agus an tsásra ceartúcháin in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis. An tsamhail ranníocaíochta airgeadais is infheidhme faoin gClár Fís Eorpach, tá sí sonrach i measc Chláir uile eile an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm sásra ceartúcháin uathoibríoch (i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán maidir le Fís Eorpach).